Treoir Chreat Teidlíochta do Scoileanna Speisialta agus d'Ionaid Tacaíocht Foghlama

Intreoir

Riachtanais, inniúlachtaí agus spéiseanna daltaí a chur i dtús áite is ábhar don Chreat Teidlíochta. Na haidhmeanna is airde do gach dalta a bhíonn á theagasc sa scoil a bheith ag gach múinteoir i ngach scoil is ábhar di. Cothromaíocht rochtana ar réimse leathan cothromaithe cúrsaí ábhartha spreagthacha le conairí glinne dul chun cinn dár gcuid páistí uilig is ábhar di.

Leanann an cháipéis ghearr treorach seo, agus na cás-staidéir ghaolmhara, tionscadal forbartha dhá bhliain le scoileanna agus le hIonaid Tacaíocht Foghlama (ITFanna) in earnáil na riachtanas speisialta, a choimisiúnaigh an Roinn Oideachais ó CCEA. Ba é ab aidhm don obair seo ná eolas a chur in iúl d'athbhreithniú na Roinne faoin dóigh ar chóir go gcuirfí polasaí an Chreata Teidlíochta i bhfeidhm, ó thaobh cleachtais de, ar an earnáil seo. Mar is eol duit, ní bhaineann na treoracha a shonraíonn líonta íosta do chúrsaí le Scoileanna Speisialta nó le ITFanna.

Mar sin de, leagann an treoir seo amach an comhthéacs agus an fócas faoi choinne pleanáil curaclaim do dhaltaí i scoileanna speisialta agus in ITFanna le riachtanais an Chreata Teidlíochta a chomhlíonadh. Ba chóir í a úsáid le heolas a chur ar fáil maidir le réimse na gcúrsaí creidiúnaithe a tháirgtear do na daltaí agat ag Eochairchéim 4 agus ag iar-16 le tacú leis an dul chun cinn sa tsaol, san oideachas agus san fhostaíocht acu. Cuirtear fócas ar leith ar chúrsaí creidiúnaithe a thairiscint sa litearthacht agus san uimhearthacht.

Tá an Roinn ag dréim le go dtacóidh an treoir seo le roghanna cuí do na daoine óga sna scoileanna speisialta agus sna ITFanna againn le hiad a spreagadh agus leis na deiseanna is fearr a thabhairt dóibh faoi choinne dul chun cinn ar feadh an tsaoil.

An Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann

Is é is aidhm don Chreat Teidlíochta (CT)[1] seo ná rochtain ar churaclam leathan cothromaithe a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí a thabharfaidh deis dóibh an cumas féideartha acu a chomhlíonadh, beag bean ar an scoil a bhfuil siad ag freastal uirthi nó ar an áit a bhfuil cónaí orthu. Tá sé tábhachtach go dtig le foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSOanna) acu i scoileanna speisialta agus in Ionaid Tacaíocht Foghlama (ITF) leas a bhaint as an churaclam leathan chothromaithe seo agus go rachaidh sé chun sochair dóibh ar an dóigh chéanna lena gcomhdhaltaí i scoileanna coitianta.

Dearadh na treoirlínte seo a leanas le cuidiú le Scoileanna Speisialta agus le ITFanna riachtanais CT a chomhlíonadh.

1. Tairiscint Curaclaim

Le tairiscint curaclaim a thabhairt d'fhoghlaimeoirí a chomhlíonann aidhmeanna agus prionsabail an CT, ba chóir go ndíreodh scoileanna speisialta agus IFTanna ar:

- cháilíochtaí creidiúnaithe a úsáid;
- réimsí reachtúla curaclaim de chuid EC4 a chlúdach trí cháilíochtaí creidiúnaithe; agus
- chonair dhul chun cinn chuí a bhunú.

2. Sainmhíniú cúrsa d'fhoghlaimeoirí le RSO

Ba chóir go mbeadh an deis ag foghlaimeoirí uilig i scoileanna speisialta agus in ITFanna cúrsa staidéir a dhéanamh a bhfuil tréimhse fhada foghlama ann. Ba chóir go mbeadh dámhachtain (cáilíocht) a bhfuil ráthú caighdeáin leis ó chomhlachas gairmiúil atá neamhspleách ar an scoil nó ar an ionad ag a dheireadh.

Ba chóir gur phróiseas le heolas sonrach, le tuiscint agus/nó le scileanna a fhorbairt agus a mheasúnú, a chuirfeadh ar a chumas don fhoghlaimeoir dul i ngleic le deiseanna agus le dúshláin an tsaoil, a bheadh i ngach cúrsa.

3. Clár de Cháilíochtaí Rialaithe

Tá sé tábhachtach go dtugtar deis d'fhoghlaimeoirí cúrsa creidiúnaithe staidéir a dhéanamh. Beidh na cúrsaí creidiúnaithe (cáilíochtaí) uilig luaite ar Chlár na gCáilíochtaí Rialaithe[2]. Tá cáilíochtaí creidiúnaithe do cheachtar acu an National Qualifications Framework (NQF) nó an Qualifications and Credit Framework (QCF). Tá cáilíochtaí NQF agus QCF araon fóirsteanach d'fhoghlaimeoirí le RSO. Tá buntáistí ar leith ag baint le cáilíochtaí atá bunaithe ar chreidiúint d'fhoghlaimeoirí le RSO cionn is gur cáilíochtaí solúbtha inrochtana iad. Ba chóir go gcuirfeadh scoileanna speisialta agus ITFanna réimse leathan na gcáilíochtaí creidiúint-bhunaithe atá ar fáil dá gcuid foghlaimeoirí go hiomlán san áireamh.

4. Cláir Foghlama

Ba chóir go ndíreodh Scoileanna Speisialta agus ITFanna ar chláir foghlama cháilíochtaí a shainaithint dá gcuid foghlaimeoirí. Sna cláir foghlama, tá cáilíochtaí agus foghlaim a roghnaítear sa dóigh go mbeidh siad fóirsteanach do gach foghlaimeoir aonair. Nuair ab fhéidir é, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna cláir foghlama in oiriúint do riachtanais agus do spriocanna gach foghlaimeora. Cé go bhfuil sé inmhianaithe clár foghlama do gach foghlaimeoir a shainaithint, nuair nach bhfuil sé indéanta a leithéid a dhéanamh mar gheall ar laincisí acmhainní nó ama, thig le scoileanna cláir foghlama a shainaithint do ghrúpaí foghlaimeoirí atá cosúil lena chéile maidir le cumas agus le riachtanais de.

Na cláir foghlama:

- cuimseoidh siad cáilíochtaí sa réimse ó Leibhéal Iontrála go Leibhéal 1;
- clúdóidh siad na trí réimse curaclaim Eochairchéim 4, litearthacht, uimhearthacht agus Foghlaim don tSaol agus don Obair (FSO), chomh maith le gné ghaolmhar gairme.
- cuirfidh siad deis ar fáil (ní i gcónaí trí cháilíocht a ghnóthú) d'fhoghlaimeoirí
  - taisteal neamhspleách a dhéanamh nó taithí a fháil air;
  - cúrsaí a bhaineann le fóillíocht a dhéanamh; agus
  - taithí ar fhoghlaim taobh amuigh den scoil a fháil.

Ba chóir go mbeadh deis ag foghlaimeoirí (nó ag a n-ionadaithe, de réir mar ba chuí) baint a bheith acu le clár foghlama a shainaithint a chuirfidh a gcuid spéiseanna, ábaltachtaí agus spriocanna san áireamh.

5. Litearthacht agus uimhearthacht

Ba chóir go ndíreodh scoileanna ar chúrsaí nó ar cháilíochtaí creidiúnaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht a thairiscint do gach foghlaimeoir, nuair ba chuí. B'fhéidir nach mbeadh sé fóirsteanach nó tairbheach dá ndíreodh scoileanna ar úsáid cáilíochtaí creidiúnaithe d'fhoghlaim na litearthachta nó na huimearthachta agus foghlaimeoirí áirithe i gceist, cosúil leo siúd a bhfuil géardheacrachtaí foghlama (GDF) acu nó deacrachtaí troma agus iomadúla foghlama (DTIF) acu.

6. Réimsí curaclaim

Ba chóir go ndéanfadh scoileanna gach iarracht cáilíochtaí a thairiscint leis na trí réimse curaclaim, litearthacht agus uimhearthacht, Foghlaim don tSaol agus don Obair, agus gné gairme, a chlúdach. B'fhéidir nár chóir do roinnt foghlaimeoirí cáilíochtaí a lorg i ngach réimse de na trí réimse curaclaim. Na réimsí a chlúdófar, beidh siad ag brath ar chumas agus ar riachtanais an fhoghlaimeora aonair agus, níos tábhachtaí, ar an bhealach chun cinn is mian leo féin.

7. Pobal Limistéar Foghlama

Mar bhaill ghníomhacha den Phobal Limistéar Foghlama acu, ba chóir go leanfadh Scoileanna Speisialta agus ITFanna leo ag iarraidh deiseanna atá ar fáil le rochtain a sholáthar ar thairiscint leathan chothromaithe de cháilíochtaí faoi choinne cláir foghlama a uasmhéadú.

8. Leibhéal Cuí

Athróidh leibhéal na gcáilíochtaí a úsáidtear i gclár foghlama, ag brath ar riachtanais gach foghlaimeora. Thig le cáilíochtaí i gclár foghlama a bheith sa réimse ó Leibhéal Iontrála go Leibhéal 1. Faoi chúinsí áirithe, is féidir go mbeidh foghlaimeoirí ábalta cáilíocht leibhéal 2 a dhéanamh agus é a chuimsiú istigh i gclár foghlama. Ní gá go bhfuil na cáilíochtaí uilig i gclár foghlama ag an leibhéal chéanna. Beidh leibhéal gach cáilíochta ag brath ar láidreachtaí an fhoghlaimeora. Mar shampla, is féidir go bhfuil roinnt foghlaimeoirí ag Leibhéal Iontrála 3 don litearthacht, ag Leibhéal Iontrála 1 don uimhearthacht agus an cumas acu roinnt gairmchúrsaí a dhéanamh ag Leibhéal 1. Ba chóir go mbeadh sé seo le feiceáil sna cláir foghlama acu. Ba chóir go mbainfeadh múinteoirí úsáid as a stuaim féin nó a gcumas

[1] http://www.deni.gov.uk/index/curriculum-and-learningt-new/curriculum-and-assessment-2/entitlement-framework.htm
[2] http://register.ofqual.gov.uk

measúnaithe le cinneadh a dhéanamh ar an leibhéal chuí do gach cáilíocht i gclár foghlama gach foghlaimeora.

9. An líon cáilíochtaí i gclár foghlama

Ba chóir go mbeadh líon cuí cáilíochtaí agus cineálacha eile staidéir nó foghlama a d'fhóirfeadh do riachtanais gach foghlaimeora ag cláir foghlama.

10. Bealaí dul chun cinn

Agus sainaithint á déanamh ar cad iad na cáilíochtaí le húsáid i gclár foghlama, tá sé tábhachtach bealach dul chun cinn gach foghlaimeora a chur san áireamh. Sula roghnódh siad na cáilíochtaí do chlár foghlama, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna riachtanais iontrála a bhaineann leis an choláiste Breisoideachais (BO), leis na cúrsaí traenála nó leis na bealaí eile ab fhearr leis an fhoghlaimeora san áireamh. Ba chóir go mbeadh cur isteach ag na foghlaimeoirí uilig maidir le cáilíochtaí a roghnú do na cláir foghlama acu. Ba chóir go n-oibreodh scoileanna le soláthróirí eile a luaithe agus ab fhéidir le cinnte a dhéanamh de go roghnódh siad na cáilíochtaí cuí.

11. Pleanáil trasdula

Agus machnamh á dhéanamh acu ar bhealaí dul chun cinn, ba chóir go dtabharfadh scoileanna speisialta agus ITFanna aird ar leith ar threoracha phróiseas pleanála an trasdula, mar a leagtar amach iad in ailt 6.35 go 6.51den Chód Cleachtais ar Shainaithint agus Measúnú Riachtanais Speisialta Oideachais.